



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

2 Meán Fómhair 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Faisnéis a bhaineann le teacht i bhfeidhm athnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle 1
- ★ Cinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin 2
- ★ Cinneadh (AE) 2022/1449 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook 5

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/1450 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le beatha neamhorgánach phróitéine a úsáid le haghaidh tógáil beostoic orgánaigh de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin ⁽¹⁾ 8
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1451 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 maidir le húdarú ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. mar bhreiseáin bheathaithe do gach speiceas ainmhithe ⁽¹⁾ 10
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1452 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 maidir le 3-eitilcioglaipeantán-1,2-dé-óin, 4-hidrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-óin, 4,5-déhidra-2-meitiolfúrán-3(2H)-óin, eoigeanóil, 1-meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséine, α-peintiolcainéalaidéid, α-heicsiolcainéalaidéid agus 2-aicéitilpiridín a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe ⁽¹⁾ 17

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1453 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 maidir le húdarú 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanúil agus le haghaidh gach muc agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 (sealbhóir an údaráithe Huvepharma EOOD) ⁽¹⁾ 30

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1454 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaráithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ 33

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Faisnéis a bhaineann le teacht i bhfeidhm athnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle

Tháinig athnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, arna shíniú an 19 Eanáir 2004 ⁽¹⁾ agus arna athnuachan in 2012 ⁽²⁾ agus in 2017 ⁽³⁾, i bhfeidhm an 18 Iúil 2022, i gcomhréir le hAirteagal XII de. Beidh éifeacht le hathnuachan an Chomhaontaithe go ceann tréimhse eile 5 bliana, i gcomhréir le hAirteagal XII(2) de, amhail ón 8 Lúnasa 2022.

⁽¹⁾ IO L 295, 11.11.2005, lch. 38.

⁽²⁾ IO L 287, 18.10.2012, lch. 4.

⁽³⁾ IO L 67, 9.3.2018, lch. 1.

CINNEADH (AE) 2022/1448 ÓN gCOMHAIRLE**an 18 Iúil 2022****maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fómhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle ⁽²⁾, síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (“an Comhaontú Comhpháirtíochta”) agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (“Prótacal”) an 15 Samhain 2021.
- (2) Is iad aidhmeanna an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an Phrótacail soithí de chuid an Aontais a chumasú a ngníomhaireachtaí iascaireachta a dhéanamh in uisce na Máratáine agus chun a chumasú don Aontas agus do Phoblacht Ioslamach na Máratáine (“an Mháratáin”) comhoibriú go dlúth lena chéile chun forbairt beartais iascaigh inbhuanaithe agus saothrú freagrach acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta na Máratáine agus san Aigéan Atlantach a chur chun cinn tuilleadh, i gcomhréir le cuspóir acmhainní bitheolaíoch na mara a aithnítear i ndlí an Aontais a chaomhnú. Tacaíonn an comhar seo le dálaí oibre cuibhiúla a bhunú in earnáil na hiascaireachta freisin.
- (3) Ba cheart an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal a fhorpheas.
- (4) Le hAirteagal 14 den Chomhaontú Comhpháirtíochta, bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an Phrótacail. Thairis sin, de bhun Airteagal 11(1) den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhorpheas. Ionas go n-éascófaí formheas na modhnuithe sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta, chun iad a údarú thar ceann an Aontais de réir nós imeachta simplithe.
- (5) Maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal atá beartaithe, ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir leo a bhunú. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhorpheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (6) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Máratáine agus an ghá atá ann tréimhse ama ina gcuirtear isteach ar na gníomhaíochtaí sin a sheachaint nó a laghdú a oiread is féidir, ba cheart go dtiocfadh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal i bhfeidhm a luaithe is féidir,

⁽¹⁾ Toiliú an 8 Meitheamh 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le síniú, thar cheann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 439, 8.12.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin a fhormheas thar ceann an Aontais ⁽³⁾.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 18 den Chomhaontú Comhpháirtíochta agus an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 22 den Phrótacal ⁽⁴⁾.

Airteagal 3

I gcomhréir leis an nós imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear don Choimisiún leasuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 14 den Chomhaontú Comhpháirtíochta a fhormheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

⁽³⁾ Foilsíodh téacsanna an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an Phrótacail in IO L 439, 8.12.2021, lch. 3.

⁽⁴⁾ Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a dtiocfaidh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal i bhfeidhm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN

AN NÓS IMEACHTA AGUS NA COINNÍOLLACHA MAIDIR LE FORMHEAS A DHÉANAMH AR NA LEASUITHE AR AN bPRÓTACAL ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE

I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Phrótacal, údaraítear don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhorghéara thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (1) Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiríteoidh an Coimisiún:
 - (a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;
 - (b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann comhbhainistiú arna dhéanamh ag stáit chósta;
 - (c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.
- (2) Sula ndéanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhorghéara thar ceann an Aontais, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh an gcruinniú ábhartha den Chomhchoiste.
- (3) Déanfaidh an Chomhairle a mheas an gcomhlíonann na leasuithe atá beartaithe na critéir a leagtar síos i bpointe (1).
- (4) Mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na leasuithe atá beartaithe, líon is combhionann le mionlach blocála den Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, formheasfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais iad. Má tá mionlach blocála den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, do na leasuithe atá beartaithe.
- (5) Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cruinnithe ar an láthair, nach féidir teacht ar chomhaontú, tarchuirfear an t-ábhar ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí (2) go (4), chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.
- (6) Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra a thíolacadh is gá chun an Cinneadh sin a chur chun feidhme.

A mhéid a bhaineann le ceistanna eile nach mbaineann le leasuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Phrótacal, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.

CINNEADH (AE) 2022/1449 ÓN gCOMHAIRLE**an 18 Iúil 2022****maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle ⁽²⁾, tugadh i gcrích an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (“an Comhaontú”) ⁽³⁾.
- (2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/2277 ón gComhairle ⁽⁴⁾, síníodh an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook (“an Prótacal”) an 17 Nollaig 2021, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (3) Is é is aidhm leis an bPrótacal cur ar chumas an Aontais agus Rialtas Oileáin Cook leanúint de chomhoibriú le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainní iascaigh uiscí iascaigh Oileáin Cook a shaothrú ar bhealach fónta, i gcomhréir leis an gcuspóir i dtaobh acmhainní bitheolaíoch na mara a chaomhnú, ar cuspóir é a dtugtar aitheantas dó faoi dhlí an Aontais, agus chun go bhféadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin.
- (4) Ba cheart an Prótacal a fhorghnó.
- (5) Le hAirteagal 6 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus a Phrótacail cur chun feidhme. Thairis sin, de bhun Airteagal 5 den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhorghnó. Ionas go n-éascófaí formheas na modhnuithe sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Coimisiún, faoi réir forálacha agus coinníollacha sonracha substainteacha agus níos imeachta, chun iad a fhorghnó thar ceann an Aontais faoi níos imeachta simplithe.
- (6) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir le leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhorghnó mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

⁽¹⁾ Toiliú ón 5 Iúil 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle an 28 Feabhra 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (IO L 64, 10.3.2017, lch. 1).

⁽³⁾ IO L 131, 20.5.2016, lch. 3.

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE) 2021/2277 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook (IO L 463, 28.12.2021, lch. 1).

- (7) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook agus i bhfianaise an ghá atá ann gan cur isteach ar na gníomhaíochtaí sin ar dhul in éag an Phrótacail atá ann faoi láthair ar an 13 Samhain 2021, ba cheart an Prótacal a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.
- (8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 3 Samhain 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook (“an Prótacal”) a fhorghabháil thar ceann an Aontais ⁽⁶⁾.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 12 den Phrótacal ⁽⁷⁾.

Airteagal 3

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, leasuithe ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste a fhorghabháil.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽⁶⁾ Foilsíodh téacs an Phrótacail in IO L 463, 28.12.2021, lch. 3.

⁽⁷⁾ Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta óna gcuirfear an Prótacal i bhfeidhm a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN

**AN NÓS IMEACHTA UM FHORMHEAS A DHÉANAMH AR NA LEASUITHE AR AN bPRÓTACAL
ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE**

I gcás ina bhfuil ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Chomhaontú agus le hAirteagal 5 den Phrótacal, tabharfar de chumhacht don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhorghabháil, thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

1. Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiríteoidh an Coimisiún:
 - (a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais iascaigh;
 - (b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann bainistiú comhpháirteach arna déanamh ag stáit chósta;
 - (c) agus go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an faisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.
2. Sula ndéanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhorghabháil thar ceann an Aontais, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh chruinniú ábhartha an Chomhchoiste.
3. Déanfaidh an Chomhairle measúnú féachaint an gcomhlíontar leis na leasuithe atá beartaithe na critéir a leagtar síos i bpointe 1.
4. Mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na leasuithe atá beartaithe, líon is comhionann le mionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, formheasfaidh an Coimisiún iad, thar ceann an Aontais. Má tá mionlach blocála den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, do na leasuithe atá beartaithe.
5. Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cruinnithe ar an láthair, nach féidir teacht ar chomhaontú, cuirfear an cheist ar ais chuig an gComhairle chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 2, 3 agus 4.
6. Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, mar obair leantach ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá le haghaidh cur chun feidhme an chinnidh sin a thíolacadh.

A mhéid a bhaineann le ceisteanna eile nach mbaineann le leasuithe ar an bPrótacal, mar a fhoráiltear dóibh in Airteagal 6 den Chomhaontú, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1450 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meitheamh 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le beatha neamhorgánach próitéine a úsáid le haghaidh tógáil beostoic orgánaigh de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 22(1), pointí (b) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá iarmhairtí tromchúiseacha ag ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 ar sholáthar beatha orgánaí próitéine do roinnt Ballstát ós rud é go raibh an Úcráin ar cheann de phríomhsholáthróirí na beatha sin le haghaidh muc-ainmhithe orgánacha agus éanlaithe chlóis orgánach sna Ballstáit sin.
- (2) De thoradh neamh-infhaighteacht beatha orgánaí próitéine sna Ballstáit sin, tá bagairt ann don leanúnachas maidir le tógáil orgánach muc-ainmhithe orgánacha níos sine agus éanlaithe orgánaí níos sine nach gcumhdaítear leis na maoluithe dá bhforáiltear i bpointe 1.9.3.1(c) agus 1.9.4.2(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 lena gceadaítear ainmhithe óga a bheathú le suas le 5 % de bheatha neamhorgánach próitéine.
- (3) Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheadú do na Ballstáit inar sainaithníodh go bhfuil imthosca turraingeacha ann sa chás seo i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2146 ⁽²⁾ maolú ar bhonn sealadach ar phointe 1.4.1 (b) de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 lena gceanglaítear gur cheart beostoc orgánach a bheathú le beatha orgánach nó beatha atá á tiontú, trí na maoluithe a leagtar amach i bpointe 1.9.3.1(c) agus pointe 1.9.4.2(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 a leathnú chuig catagóirí níos sine muc-ainmhithe agus éanlaithe clóis.
- (4) Chun críche trédhearcachta agus rialuithe, is gá an fhaisnéis faoi na maoluithe arna ndeontú a chomhroinnt ar bhealach comhchuibhithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún trí chóras ríomhaireachta.
- (5) Is gá a áirithiú, maidir leis na hoibreoírí ar deonaíodh na maoluithe sin dóibh, go gcomhlíonann siad coinníollacha na maoluithe sin.
- (6) Chun críche rialuithe, ba cheart d'oibreoírí fianaise dhoiciméadach a choimeád lena gcruthaítear gur deonaíodh na maoluithe sin dóibh agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha lena mbaineann.
- (7) Ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ón 24 Feabhra 2022, is é sin dáta fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine,

⁽¹⁾ IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

⁽²⁾ OJ L 428, 18.12.2020, p. 5.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Sna Ballstáit inar sainaitníodh mar imthosca turraingeacha neamh-infhaighteacht beatha orgánaí próitéine i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2146, féadfaidh na húdaráis inniúla na maoluithe a leagtar amach faoi phointe 1.9.3.1(c) agus pointe 1.9.4.2(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 a leathnú chuig catagóirí níos sine muc-ainmhithe agus éanlaithe chlóis ná iad siúd dá dtagraítear sna pointí sin, ar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go mbeidh feidhm ag na maoluithe sin ar feadh tréimhse theoranta nach faide ná mar is gá, agus ar aon chuma tréimhse nach faide ná 12 mhí;
- (b) go mbeidh feidhm ag na maoluithe sin maidir leis na hoibreoirí uile a thógann muc-ainmhithe orgánacha nó éanlaithe chlóis orgánach.

2. Beidh cur i bhfeidhm na maoluithe dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do bhailíocht na ndeimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/848 le linn na tréimhse a bhfuil feidhm ag na maoluithe, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí lena mbaineann na coinníollacha faoinar deonaíodh na maoluithe sin.

Airteagal 2

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas gan mhoill maidir leis na maoluithe a dheonaíonn a n-údaráis inniúla de bhun Airteagal 1(1) trí chóras ríomhaireachta a chuirtear ar fáil ag an gCoimisiún lena bhféadfar doiciméid leictreonacha agus faisnéis leictreonach a mhalartú.

2. Aon oibreoir a bhfuil feidhm ag na maoluithe arna ndeonú maidir leis, coimeádfaidh sé fianaise dhoiciméadach ar na maoluithe sin mar aon le húsáid na maoluithe sin le linn na tréimhse ina bhfuil feidhm ag na maoluithe sin.

3. Fíoróidh na húdaráis inniúla, nó i gcás inarb iomchuí, údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe na mBallstát, comhlíontacht na n-oibreoirí le coinníollacha na maoluithe arna ndeonú.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Feabhra 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1451 ÓN gCOIMISIÚN**an 1 Meán Fómhair 2022****maidir le húdarú ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. mar bhreiseáin bheathaithe do gach speiceas ainmhithe****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) I gcomhréir le Treoir 70/524/CEE údaraíodh ola eisintiúil camfar bán agus tintiúr cainéil gan teorainn ama, mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe. Rinneadh na breiseáin sin a iontráil ina dhiaidh sin i gClár na mbreiseáin beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí na breiseáin i gcatagóir na mbreiseáin “breiseáin chéadfacha” agus san fheidhmghrúpa “comhdhúile blaitithe”. Bhí na sonraí agus na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais.
- (5) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí na breiseáin sin a údarú freisin lena úsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear comhdhúile blaitithe a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na hola eisintiúla camfar bán agus tintiúr cainéil in uisce óil a cheadú.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

- (6) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) ar an gconclúid ina thuairimí an 10 Samhain 2021 ⁽³⁾; ⁽⁴⁾, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin gur cheart ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. a mheas mar ghreannaitheoirí craicinn agus súl, agus mar íogróirí craicinn agus riospráide. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí na mbreiseán.
- (7) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go n-aithnítear ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. chun bia a bhlaistiú agus ós rud é go mbeadh a bhfeidhm i mbeatha go bunúsach mar an gcéanna leis an bhfeidhm atá acu i mbia, meastar nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta eile. D’fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe agus é i mbeatha, tuarascáil arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (8) Léirítear leis an measúnú ar ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na mbreiseán sin a údarú faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (9) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun rialú níos fearr a cheadú. Go háirithe, ba cheart cion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán. I gcás ina sárófar an cion sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.
- (10) Ós rud é nach bhfuil ola eisintiúil camfar bán ó *Cinnamomum camphora* (L.) J. Presl. agus tintiúr cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl. údaraithe lena n-úsáid mar chomhdhúil blaitithe in uisce óil, ní chuirtear bac ar a n-úsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.
- (11) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (12) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Tá na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán “breiseáin chéadfacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa “comhdhúile blaitithe” údaraithe mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí seo iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Márta 2023, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

⁽³⁾ *Iris EPSA* 2022;20(1):6985.

⁽⁴⁾ *Iris EPSA* 2021;19(12):6986.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Meán Fómhair 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Meán Fómhair 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh analíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|---|---------------------------|--|--------------------------------------|-------------------|---|----------|---|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe | | | | | | | | |
| 2b130-eo | Ola eisintiúil camfar bán | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>Ola eisintiúil camfar bán a fhaightear ón bplanda iomlán <i>Cinnamomum camphora</i> (L.) J. Presl.</p> <p>Camfar ≤ 0,1 % Safról ≤ 0,0002 %</p> <p>Foirm leachtach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>Ola eisintiúil camfar bán a fhaightear trí dhriogadh gaile ón bplanda</p> <p>iomlán <i>Cinnamomum camphora</i> (L.) J. Presl mar a shainmhínítear ag An Chomhairle Eorpach. (1).</p> <p>1,8-Cineól: 27–43 % d-Líomainéin (18–27 %) 1-Iseapróipil-4-Meitolbeinséin (p-címín): 6–15 % α-Pinéin (pin-2(3)-éin): 4–10 %</p> <p>Uimhir CAS: 8008-51-3 Uimhir Einecs: 294-760-2 Uimhir FEMA: 2231 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 130</p> | Gach speiceas ainmhithe seachas cait | - | - | - | <ol style="list-style-type: none"> Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. Ní cheadaítear meascán le breiseáin eile ina bhfuil camfar agus safról. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis eile lena ramhrú: 28 mg; — Béaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis eile chun críocha breithe agus pórúcháin: 42 mg; — Turcaithe lena ramhrú: 37 mg; — <i>Suidae</i>, capaill, coiníní, éisc, éisc ornáideacha agus madraí: 30 mg; | 22 Meán Fómhair 2032 |
| | | Cait | - | - | 22 | | | |

| | | | | | | | | |
|--|--|---|--|--|--|--|--|--|
| | | <p><i>Modh anailise</i> ^(?)</p> <p>Maidir le <i>1,8-Cineól</i> (marcóir fiticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh:</p> <p>— crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 11024)</p> | | | | | <p>— Athchogantaigh: 50 mg; — Speicis eile seachas cait: 22 mg.”</p> <p>5. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 4 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrúfar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.</p> <p>6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.</p> | |
|--|--|---|--|--|--|--|--|--|

⁽¹⁾ Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailise ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|---|-----------------|--|-----------------------------|-------------------|---|----------|--|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe | | | | | | | | |
| 2b2289-t | Tintiúr cainéil | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>Tintiúr cainéil a fhaightear ó choirt <i>Cinnamomum verum</i> J. Presl.</p> <p>Meitileoigeanól ≤ 0,00001 % Safról ≤ 0,00002 %</p> <p>Foirm leachtach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>Tintiúr cainéil a fhaightear trí eastóscadh fadaíthe le meascán d'uisce/eatánól (3:1, v/v) ó choirt <i>Cinnamomum verum</i> J. Presl. mar a shainmhínítear ag An Chomhairle Eorpach. (1).</p> <p>Cionnamaildéad: ≤ 0,0012 %</p> <p>Uimhir FEMA cainéal: 2289</p> <p><i>Modh anailíse</i> (?)</p> <p>Maidir le tréithriú an bhreiseáin beathaithe (tintiúr cainéil):</p> <ul style="list-style-type: none"> — Modh meá-mhéadrach chun ábhar tirim agus cion luatha a chinneadh; — speictreafótaiméadracht chun cion iomlán polaifeanól agus cion iomlán flavónóideach a chinneadh; | Gach speiceas ainmhithe | - | - | - | <ol style="list-style-type: none"> 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ní cheadaítear meascán le breiseáin eile ina bhfuil meitileoigeanól agus safról. 4. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — Gach speiceas ainmhithe seachas capall: 50 mg; — Capaill: 60 mg.' 5. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 4 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. | 22 Meán Fómhair 2032 |

| | | | | | | | | |
|--|--|---|--|--|--|--|---|--|
| | | — crómatagrafaíocht chaolchisil ard-fheidhmíochta chun cion cionnam-aidéad a chinneadh. | | | | | 6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú. | |
|--|--|---|--|--|--|--|---|--|

⁽¹⁾ Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1452 ÓN gCOIMISIÚN**an 1 Meán Fómhair 2022****maidir le 3-eitilcioglaipeantán-1,2-dé-óin, 4-hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-óin, 4,5-déhidra-2-meitiolfúrán-3(2H)-óin, eoigeanóil, 1-meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséine, α-peintiolcainéalaidéid, α-heicsiolcainéalaidéid agus 2-aicéitilpiridín a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Na substaintí 3-eitilcioglaipeantán-1,2-dé-ón, 4-hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-ón, 4,5-déhidra-2-meitiolfúrán-3(2H)-ón, eoigeanóil, 1-meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséin, α-peintiolcainéalaidéad, α-heicsiolcainéalaidéad agus 2-aicéitilpiridín, údaraíodh iad gan teorainn ama i gcomhréir le Treoracha 70/524/CEE mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin i gClár na mbreiseáin beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh iarratais éagsúla isteach chun athmheastóireacht a dhéanamh ar ullmhóid 3-eitilcioglaipeantán-1,2-dé-óin, α-peintiolcainéalaidéid, α-heicsiolcainéalaidéid agus 2-aicéitilpiridín le haghaidh gach speicis ainmhíoch, ar ullmhóid eoigeanóil agus 1-meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséine le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas éanlaith chlóis agus éisc, agus ar ullmhóid 4-hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-óin, 4,5-déhidra-2-meitiolfúrán-3(2H)-óin le haghaidh cat agus madraí.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí na breiseáin sin i gcatagóir na mbreiseáin 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais sin.
- (5) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí na breiseáin lena n-úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear comhdhúile blaitithe a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseáin seo in uisce óil a cheadú.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

- (6) Is é an chonclúid ar ar tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') sna tuairimí uaidh an 15 Samhain 2011 ⁽³⁾, an 13 Meitheamh 2012 ⁽⁴⁾, an 26 Eanáir 2016 ⁽⁵⁾, an 19 Deireadh Fómhair 2016 ⁽⁶⁾ agus 6 Nollaig 2016 ⁽⁷⁾, nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag na breiseáin ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go n-aithnítear guaiseacha maidir le teagmháil leis an gcráiceann agus leis an tsúil agus maidir le nochtadh riospráide i ndáil leis na breiseáin sin. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.
- (7) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil na breiseáin aitheanta mar bhlastán bia agus go mbeadh an fheidhm chéanna acu in ábhar beatha, go bunúsach, is atá aige i mbia, agus dá bhrí sin nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. Rinne sé an tuarascáil maidir leis na modhanna anailíse ar an mbreiseán beathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaidh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.
- (8) Léirítear leis an measúnú ar na breiseáin go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (9) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun rialú níos fearr a cheadú. Thar aon ní eile, ba cheart cion molta a léiriú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an méid sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.
- (10) Cé nach n-údaráítear na breiseáin lena n-úsáid mar bhlastáin in uisce óil, ní chuirtear bac ar a n-úsáid i mbeatha chumaisc a thugtar trí uisce.
- (11) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí forail a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Tá na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaisithe" údaraithe mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Márta 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Meán Fómhair 2022 féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí sin iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Meán Fómhair 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2011;9(12):2440.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2012;10(7):2786.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2016;14(2):4390.

⁽⁶⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2016;14(11):4618.

⁽⁷⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2017;15(2):4672.

3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí sin iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Meán Fomhair 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Meán Fomhair 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---------------------------------|---|-----------------------------|--------------------|---|----------|--|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe | | | | | | | | |
| 2b07057 | 3-Eitilcioglaipeantán-1,2-dé-ón | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>Ullmhóid 3-eitilcioglaipeantán-1,2-dé-ón</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> 3-Eitilcioglaipeantán-1,2-dé-ón Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: > 90 % Foirmle cheimiceach: C₇H₁₀O₂ Uimhir CAS: 21835-01-8 FLAVIS: 07.057</p> <p><i>Modh anailíse</i> (1)</p> <p>Chun an breiseán a shainaithint i meascáin de bhlastáin: — Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasaílte GC-MS-RTL</p> | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | <ol style="list-style-type: none"> 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — ainmhithe a shaothraítear i gcórais do Bharshaothraithe mhuirí: 0,05 mg; — cait, madraí agus ainmhithe a shaothraítear i gcórais do Bharshaothraithe ar talamh: 5 mg/kg; — speicis talún nó catagóirí ainmhithe eile: 0,5 mg.” 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. | 22 Meán Fómhair 2032 |

| | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|--|--|
| | | | | | | | 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ion-análú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú. |
|--|--|--|--|--|--|--|--|

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna analíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh analíse | Speiceas nó catagóir ainmí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|----------------------------------|----------|---|----------------------------|-------------------|---|----------|----------------|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe

| | | | | | | | | |
|---------|--|---|------------------|---|---|---|--|----------------------|
| 2b13010 | 4-Hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-ón | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>4-Hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-ón</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>4-Hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-ón</p> <p>Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach</p> <p>Íonacht: 98 %</p> <p>Foirmle cheimiceach: C₆H₈O₃</p> <p>Uimhir CAS: 3658-77-3</p> <p>FLAVIS: 13.010</p> | Cait agus madraí | - | - | - | <p>1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</p> <p>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.</p> <p>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — cait agus madraí: 5 mg.”</p> | 22 Meán Fómhair 2032 |
| | | <p><i>Modh analíse (¹)</i></p> <p>Chun an breiseán a shainathint i meascáin de bhlastáin:</p> <p>— Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasaílte GC-MS-RTL</p> | | | | | | |

| | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|--|---|
| | | | | | | | <p>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrúfar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.</p> <p>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnó-achtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.</p> |
|--|--|--|--|--|--|--|---|

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoldadh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|----------------------------------|----------|--|----------------------------|-------------------|---|----------|----------------|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe

| | | | | | | | | |
|---------|--------------------------------------|---|------------------|---|---|---|---|----------------------|
| 2b13042 | 4,5-Déhidra-2-meitioifúrán-3 (2H)-ón | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>4,5-Déhidra-2-meitioifúrán-3 (2H)-ón</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>4,5-Déhidra-2-meitioifúrán-3 (2H)-ón</p> | Cait agus madraí | - | - | - | <p>1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</p> <p>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.</p> <p>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:</p> | 22 Meán Fómhair 2032 |
|---------|--------------------------------------|---|------------------|---|---|---|---|----------------------|

| | | | | | | | | |
|--|--|---|--|--|--|--|--|--|
| | | <p>Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: 97 % Foirmle cheimiceach: C₅H₈O₂ Uimhir CAS: 3188-00-9 FLAVIS: 13.042</p> | | | | | <p>“Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — cait agus madraí: 5 mg.”</p> <p>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrúfar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.</p> <p>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnó-achtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d’fhéadfadh eascirt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.</p> | |
|--|--|---|--|--|--|--|--|--|

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmí | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|---|-----------|---|--|--------------------|---|----------|--|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe | | | | | | | | |
| 2b04003 | Eoigeanól | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Eoigeanól</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Eoigeanól Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: > 98 % Foirmle cheimiceach: C₁₀H₁₂O₂ Uimhir CAS: 97-53-0 FLAVIS: 04.003</p> <p><i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Chun an breiseán a shainiú i meascáin de bhlastáin: — Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictrim-éadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL</p> | Gach speiceas ainmíoch seachas éanlaith chlóis agus éisc | - | - | - | <ol style="list-style-type: none"> 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — gach speiceas ainmíoch seachas éanlaith chlóis agus éisc: 25 mg.” 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoírí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don anáil. | 22 Meán Fómhair 2032 |

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|---|---|---|---|-------------------|---|----------|---|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe | | | | | | | | |
| 2b04010 | 1-Meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséin | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>1-Meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséin</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>1-Meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséin</p> <p>Arna táirgeadh trí shintéis cheimiceach</p> <p>Íonacht: > 99 %</p> <p>Foirmle cheimiceach: C₁₀H₁₂O</p> <p>Uimhir CAS: 4180-23-8</p> <p>FLAVIS: 04.010</p> | Gach speiceas ainmhíoch seachas éanlaith chlóis agus éisc | - | - | - | <ol style="list-style-type: none"> 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint gníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — gach speiceas ainmhíoch seachas éanlaith chlóis agus éisc: 25 mg.” 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don anáilú. | 22 Meán Fómhair 2032 |
| | | <p><i>Modh anailíse ⁽¹⁾</i></p> <p>Chun an breiseán a shainaithint i meascáin de bhlastáin:</p> <p>— Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL</p> | | | | | | |

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|---|--------------------------|--|-----------------------------|--------------------|---|----------|--|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe | | | | | | | | |
| 2b05040 | α-Peintiolcainéalaildéad | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> α-Peintiolcainéalaildéad</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> α-Peintiolcainéalaildéad Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: íoschion 97 % Foirmle cheimiceach: C₁₄H₁₈O Uimhir CAS: 122-40-7 FLAVIS: 05.040</p> <p><i>Modh anailíse (*)</i></p> <p>Chun an breiseán a shainaithint i meascáin de bhlastáin:</p> <p>— Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictrim-éadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL</p> | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | <ol style="list-style-type: none"> 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — ainmhithe a shaothraítear i gcórais dobh-arshaothraithe mhuirí: 0,05 mg; — cait: 1 mg/kg; — madraí agus ainmhithe a shaothraítear i gcórais dobh-arshaothraithe ar talamh: 5 mg/kg; — speicis talún nó catagóirí ainmhithe eile: 0,1 mg.” 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoírí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as | 22 Meán Fómhair 2032 |

| | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|--|--|
| | | | | | | | teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáid-fear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don anáil. |
|--|--|--|--|--|--|--|--|

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhithe | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|----------------------------------|----------|--|--------------------------------|--------------------|---|----------|----------------|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe

| | | | | | | | | |
|---------|-------------------------|--|-------------------------|---|---|---|---|----------------------|
| 2b05041 | α-Heicsiolcainéalaidéad | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> α-Heicsiolcainéalaidéad</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> α-Heicsiolcainéalaidéad Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: 95 % Foirmle cheimiceach: C₁₅H₂₀O Uimhir CAS: 101-86-0 FLAVIS: 05.041</p> <p><i>Modh anailíse (¹)</i> Chun an breiseán a shainaithint i meascáin de bhlastáin: — Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glas-áilte GC-MS-RTL</p> | Gach speiceas ainmhithe | - | - | - | <p>1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</p> <p>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.</p> <p>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — ainmhithe a shaothraítear i gcórais do Bharshaothraithe mhuirí: 0,05 mg; — cait: 1 mg/kg; — madraí agus ainmhithe a shaothraítear i gcórais do Bharshaothraithe ar talamh: 5 mg/kg; — speicis talún nó catagóirí ainmhithe eile: 0,1 mg.”</p> | 22 Meán Fómhair 2032 |
|---------|-------------------------|--|-------------------------|---|---|---|---|----------------------|

| | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|--|---|
| | | | | | | | <p>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrúfar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.</p> <p>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnó-achtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.</p> |
|--|--|--|--|--|--|--|---|

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaráithe |
|----------------------------------|----------|--|-----------------------------|--------------------|---|----------|----------------|--------------------------------|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe

| | | | | | | | | |
|---------|-------------------|---|-------------------------|---|---|---|---|----------------------|
| 2b14038 | 2-Aicéitilpiridín | <p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>2-Aicéitilpiridín</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>2-Aicéitilpiridín</p> <p>Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach</p> | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | <p>1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</p> <p>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.</p> | 22 Meán Fómhair 2032 |
|---------|-------------------|---|-------------------------|---|---|---|---|----------------------|

| | | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|
| | <p>Íonacht: > 97 % Foirmlle cheimiceach: C₇H₇ON Uimhir CAS: 1122-62-9 FLAVIS: 14.038</p> | <p><i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾</p> <p>Chun an breiseán a shainathint i meascáin de bhlastáin:</p> <p>— Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL</p> | | | | | <p>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — ainmhithe muirí: 0,05 mg; — speicis nó catagóirí ainmhithe eile: 0,5 mg.”</p> <p>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.</p> <p>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnó-achtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d’fhéadfadh eascirt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don anáil.</p> | |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|

⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1453 ÓN gCOIMISIÚN**an 1 Meán Fómhair 2022****maidir le húdarú 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanúil agus le haghaidh gach muc agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 (sealbhóir an údaraithe Huvepharma EOOD)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Údaraíodh 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní agus turcaithe lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin, béaróg, speicis éanúla eile lena ramhrú agus le haghaidh breithe, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, i gcomhar le hAirteagal 7 de, chuir sealbhóir an údaraithe sin iarratas isteach maidir le hathnuachan a dhéanamh ar údarú 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní agus turcaithe lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin, béaróga, speicis éanúla eile lena ramhrú agus le bheith ina mbéaróga, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha, atá le haicmiú i gcatagóir na mbreiseán “breiseáin zóiteicniúla”, agus le haghaidh úsáid nua an bhreiseáin sin le haghaidh gach speicis éanúla agus gach muc. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagail 14(2) agus 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) ina thuairim an 23 Márta 2022 ⁽³⁾ gur chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil go gcomhlíonann an breiseán na coinníollacha maidir le húdarú. Chinn an tÚdarás freisin go bhfuil an breiseán sábháilte le haghaidh sláinte ainmhithe, sláinte tomhaltóirí agus an chomhshaoil agus gur íogróir riospráide é. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Chinn an tÚdarás freisin go bhféadfadh an breiseán a bheith éifeachtúil i gcás gach speicis éanúil agus gach muc.
- (5) Léiríonn an measúnú ar 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (6) De bharr athnuachan an údaraithe ar 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) mar bhreiseán beathaithe faoi na coinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 a aisghairm.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2012 maidir le húdarú 6-fiotáis (CE 3.1.3.26) arna táirgeadh ag *Pichia pastoris* (DSM 23036) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní agus turcaithe lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin, béaróga, speicis eile éanúla lena ramhrú agus le bheith ina mbéaróga, bainbh scoite, muca lena ramhrú cránacha (sealbhóir an údaraithe Huvepharma AD) (IO L 35, 8.2.2012, lch. 6).⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(5):7238

- (7) Ós rud é nach gá na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ina bhféadfar na stoic atá ann cheana den 6-fiotáis arna dtáirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) a chur ar an margadh agus a úsáid go dtí go mbeidh siad ídithe.
- (8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú an bhreiseáin a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseáin “breiseáin zóiteicniúla” agus leis an bhfeidhmghrúpa “feabhsaitheoirí díleáiteachta”, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012.

Airteagal 3

Maidir leis an mbreiseán, 6-fiotáis, arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) agus réamh-mheascáin agus beatha chumaisc ina bhfuil an tsubstaint sin iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Meán Fómhair 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|----------------------------------|------------------------------|----------|--|-----------------------------|-------------------|---|----------|----------------|--------------------------------|
| | | | | | | Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |

Catagóir na mbreiseán zóiteicniúil. Feidhmghrúpa: feabhsaitheoirí díleáiteachta.

| | | | | | | | | | |
|------|-----------------|-------------------------|--|---|---|---------|--|---|-----------|
| 4a16 | Huvepharma EOOD | 6-fiótáis (CE 3.1.3.26) | Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid de 6-fiótáis (CE 3.1.3.26) arna táirgeadh ag <i>Komagataella pastoris</i> (DSM 23036) ag a bhfuil íosghníomhaíocht de: 4 000 OTU ⁽¹⁾ /g i bhfoirm sholadach 8 000 OTU/g i bhfoirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí 6-fiótáis (CE 3.1.3.26) arna táirgeadh ag Komagataella pastoris (DSM 23036)</i> <i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Modh dathmhéadrach atá bunaithe ar chainníochtú na fosfáite neamhorgánacha a scaoiltear leis an einsím ón sóidiam fiótáit. | Gach speiceas éanúil seachas turcaithe Gach speiceas muiciúil seachas bainbh | - | 125 OTU | | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don anáil a úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 22.9.2032 |
| | | | | Turcaithe Bainbh | | 250 OTU | | | |

⁽¹⁾ Is é 1 OTU méid na heinsíme lena cataítear scaoileadh micreamhóil amháin d'fhosfáit neamhorgánach in aghaidh an nóiméid ó 5,1 mM sóidiam fiótáit i maolán ciotráite pH 5,5 ag 37 °C, arna thomhas mar dhath gorm an choimpléisc fosfair-molabdáit ag 820 nm.

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1454 ÓN gCOIMISIÚN**an 1 Meán Fómhair 2022**

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 230(1) agus 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽³⁾, bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.
- (4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Québec, Ceanada, ráigeanna a deimhníodh an 21 Iúil 2022 agus an 1 Lúnasa 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (6) Thairis sin, thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcúige Alberta, Ceanada, ráig a deimhníodh an 28 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (7) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Gayton, King's Lynn agus Norfolk Thiar, Norfolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 21 Lúnasa 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (8) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann in King County, stát Washington, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh í an 1 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (9) Thairis sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis in Fresno County, stát California, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh í an 22 Lúnasa 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (10) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunáochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (11) Chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis faoi bhráid an Choimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann le déanaí.
- (12) Chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i mbunáochtaí éanlaithe clóis: ráig amháin gar do Lowdham, Newark agus Sherwood, Nottinghamshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 7 Bealtaine 2022, agus ráig eile gar do Southwell, Newark & Sherwood, Nottinghamshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 19 Bealtaine 2022.
- (13) Sa bhreis air sin, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina gcríoch i ndáil le naoi ráig déag den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i mbunáochtaí éanlaithe clóis i Stáit Iowa (6), Minnesota (8), Missouri (1), Montana (1), Nebraska (1), South Dakota (1) agus Wisconsin (1), na Stáit Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh idir an 6 Márta 2022 agus an 20 Aibreán 2022.
- (14) Chuir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go háirithe, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chuir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus chuir siad na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá i gcrích tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe maidir leis na bunáochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe ar a gcríocha.
- (15) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunáochtaí éanlaithe clóis díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le teacht isteach tráchtearraí éanlaithe clóis san Aontas ó na criosanna sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas na dtráchtearraí éanlaithe clóis ar fionraí de dheasca na ráigeanna sin.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.
- (17) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.121:

| | | | | | | | |
|----------------------------|----------|--|----------|-------|--|----------|------------|
| “GB an Ríocht Aontaithe | GB-2.121 | Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh | BPP | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla | BPR | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh | SP | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Raitítigh atá beartaithe a mharú | SR | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Sicíní lae seachas raitítigh | DOC | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Sicíní lae raitíteach | DOR | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh | POU-LT20 | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh | HEP | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Uibheacha goir raitíteach | HER | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh | HE-LT20 | N, P1 | | 7.5.2022 | 24.8.2022” |

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.125:

| | | | | | | | |
|----------------------------|----------|--|----------|-------|--|-----------|------------|
| “GB an Ríocht Aontaithe | GB-2.125 | Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh | BPP | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla | BPR | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh | SP | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Raitítigh atá beartaithe a mharú | SR | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Sicíní lae seachas raitítigh | DOC | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Sicíní lae raitíteach | DOR | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh | POU-LT20 | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh | HEP | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Uibheacha goir raitíteach | HER | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022 |
| | | Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh | HE-LT20 | N, P1 | | 19.5.2022 | 24.8.2022” |

